# eFlow.ie Website Terms Of Use

**IMPORTANT**

**PLEASE READ THE FOLLOWING TERMS AND CONDITIONS CAREFULLY. THESE TERMS AND CONDITIONS (TOGETHER WITH THE DOCUMENTS TO WHICH THEY REFER) SET OUT THE BASIS UPON WHICH YOU ARE ENTITLED TO ACCESS AND USE THE WEBSITE WWW.EFLOW.IE (THE "WEBSITE").**
**BY ACCESSING, BROWSING OR USING THE WEBSITE, YOU CONFIRM THAT YOU ACCEPT THE TERMS AND CONDITIONS (THE "TERMS OF USE") AND THAT YOU AGREE TO COMPLY WITH THEM. IF YOU DO NOT AGREE WITH THESE TERMS OF USE, YOU MUST NOT USE THE WEBSITE.**

## 1. Other Applicable Terms

1.1 These Terms of Use refer to the following additional terms, which also apply to your use of the Website:

Our Website Privacy Statement and Cookies Policy which sets out (i) details on the personal data which we collect from you or that you provide to us in connection with your use of the Website and (ii) information about the cookies on the Website.

1.2 If you register an account with eFlow to facilitate the payment of tolls, the eFlow (Registered Customer) Account Terms and Conditions will govern the opening and operation of that account.

1.3 Information in relation to the processing of your personal data when you use the M50 Toll Road (and the M50 Barrier-Free Tolling System) is separately available at eFlow Data Protection Notice.

## 2. Information About Us

2.1 Transport Infrastructure Ireland (**"TII"**) is the operational name of the National Roads Authority **("NRA")** following the dissolution of the Railway Procurement Agency and the transfer of its functions to the NRA in accordance with the Roads Act 2015. TII's main address is Parkgate Business Centre, Parkgate Street, Dublin 8, D08, DK10.
2.2 TII has appointed Turas Mobility Services Ireland Limited (**"Turas"**) to provide services in relation to the operation of the M50 Barrier-Free Tolling System and eFlow, including the operation of the eFlow website (www.eflow.ie).
2.3 References to "we", "us" or "our" in these Terms of Use refer to TII, or Turas operating on TII's behalf.

## 3. Use of Website

3.1 Using the Website for the purposes of browsing and availing of services offered on the Website (including paying a Toll or operating/managing a registered eFlow Account) is permitted. Any other use of the content and software on the Website, including the reproduction, modification, distribution, transmission, republication or display of the content on the Website without our express permission, is strictly prohibited.
3.2 The Website or any portion of the Website may not be reproduced, duplicated, copied, sold, resold or otherwise exploited for any commercial purpose that is not expressly permitted by us.
3.3 You must not misuse the Website by knowingly or recklessly introducing viruses, trojans, worms, logic bombs or other material which is malicious or harmful. You must not attempt to gain unauthorised access to the Website, the server on which the Website is stored or any server, computer or database connected to the Website. You must not attack the Website via a denial-of-service attack or a distributed denial-of-service attack.

3.4 We reserve the right to refuse access to the Website and/or the services contained herein in our discretion, including, without limitation, if we believe that particular conduct violates applicable law, is harmful to our interests or is in breach of these Terms of Use.

## 4. Intellectual property (Including copyright)

4.1 All content included on the Website, such as text, graphics, logos, button icons, images, audio clips and software is our property or the property of our licensors and is protected by applicable copyright and/or other intellectual property laws.

4.2 You may make an electronically stored transient copy of the Website or extracts or portions thereof for the purposes of viewing them online only, but otherwise, unless expressly authorised by us to do so, you may not change, copy, store, publish, rent, licence, sell, or distribute in any way or create derivative works of the Website, its contents or its underlying software.

## 5. Limitation/Exclusion of Liability and Disclaimer

5.1 You hereby acknowledge and agree that the Website is available for use 'as is' and 'as available', with no warranties of any kind whatsoever and that, without prejudice to the generality of the foregoing, we make no warranty regarding, and shall have no responsibility for, the accuracy, availability, reliability, security, fitness for purpose or performance of the Website or the contents thereof.

5.2 You acknowledge and agree that we may temporarily suspend access to the Website for any reason without notice, including but not limited to where there is a breakdown, error, defect or malfunction of any part of the Website. We reserve the right to make changes to the Website without notice.

5.3 Except as expressly set out in these Terms of Use, all representations, warranties, terms and conditions whether express or implied in relation to the Website or the information contained herein are hereby excluded to the fullest extent permitted by law.

5.4 Due to the fact that we cannot guarantee that the Website will be fault free or that the information contained on the Website will be correct, you agree that we shall not be liable for any loss or damage whatsoever arising out of or in connection with the Website or the contents thereof, whether under theories of contract, tort (including negligence), strict liability or otherwise.

## 6. Compliance with Applicable Laws

6.1 Due to the global nature of the Internet, you agree to comply with all local laws regarding online conduct.

## 7. Services

7.1 We may, at our discretion, provide you with services including an account and news and information services. You agree to comply with the terms and conditions on which any such services will be provided to you as set out in these terms of use and elsewhere on the website, including e.g. the eFlow (Registered Customer) Account Terms and Conditions.

## 8. Links to other websites

8.1 The Website may contain links to websites which are operated by third parties. Such links are provided for your convenience only. We have no control over these websites, and we are not responsible for their availability or content. The inclusion on the Website of links to such other websites does not imply any endorsement of the material on such websites or any association with their operators.

## 9. Links to this Website

9.1 You may link to the home page of the Website, provided you do so in a way that is fair and legal and does not damage our reputation or take advantage of it. You must not establish a link in such a way as to suggest any form of association, approval or endorsement on our part where none exists. You must not establish a link to the Website in any website that is not owned by you. The Website must not be framed on any other site, nor may you create a link to any part of the Website other than the home page. We reserve the right to withdraw linking permission without notice.

9.2 If you wish to make any use of content on the Website other than that set out above, please contact dataprotection@eflow.ie

## 10. Registration and Security

10.1 In order to use certain parts of the Website, you are required to register with us. An example is where you apply for and register an eFlow Account. The details you provide on registration are important and must be true and accurate. If there are any changes to these details, please record them by logging in to your online account and editing your information.

10.2 If you choose, or you are provided with, a password or any other piece of information as part of our security procedures, you must treat such information as confidential and you must not disclose it to any third party. You agree to notify us immediately if your password is lost or misused. Subject to appropriate security checks, you will be issued with a new password.

## 11. Consequences

11.1 If we become aware that you have violated any of the terms and conditions contained in these Terms of Use we may immediately take corrective action including preventing you from accessing and/or using the services offered by eFlow and removing any information, data and content on the Website by you, at any moment and without notice. If we have been injured by your violation we may in our discretion seek to recover damages or other forms of monetary compensation from you.

## 12. Variations

12.1 These Terms of Use and any documents referred to herein may be amended from time to time by us. The Website will specify the latest date on which the terms of use have been amended.

## 13. Governing Law

13.1 These Terms of Use shall be governed by and construed in accordance with the laws of Ireland and you hereby submit to the exclusive jurisdiction of the Irish Courts.

## 14. Contact Us

To contact us, please email dataprotection@eflow.ie.

# eFlow.ie Coinníollacha Úsáide an tSuímh Ghréasáin

**TÁBHACHTACH**

**LÉIGH NA TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SEO A LEANAS GO CÚRAMACH LE DO THOIL. LEAGANN NA TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SEO (MAR AON LEIS NA DOICIMÉID DÁ DTAGRAÍONN SIAD) AMACH AN BUNÚS AR A BHFUIL TEIDEAL AGAT ROCHTAIN A FHÁIL AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN WWW.EFLOW.IE (AN "SUÍOMH GRÉASÁIN") AGUS É A ÚSÁID.**
**TRÍ ROCHTAIN A FHÁIL AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN, BRABHSÁIL AIR NÓ ÚSÁID A BHAINT AS, DEARBHAÍONN TÚ GO NGLACANN TÚ LEIS NA TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA (NA "COINNÍOLLACHA ÚSÁIDE") AGUS GO N-AONTAÍONN TÚ CLOÍ LEO. MURA N-AONTAÍONN TÚ LEIS NA COINNÍOLLACHA ÚSÁIDE SEO, NÍ MÓR DUIT GAN AN SUÍOMH GRÉASÁIN A ÚSÁID.**

## 1. Téarmaí Infheidhme Eile

1.1 Tagraíonn na Coinníollacha Úsáide seo do na téarmaí breise seo a leanas, a bhaineann leis an úsáid a bhaineann tú as an Suíomh Gréasáin freisin:

Ár Ráiteas Príobháideachta Suímh Ghréasáin agus ár mBeartas Fianán ina leagtar amach (i) sonraí faoi na sonraí pearsanta a bhailímid uait nó a sholáthraíonn tú dúinn i ndáil le d'úsáid den Suíomh Gréasáin agus (ii) faisnéis faoi na fianáin ar an Suíomh Gréasáin.

1.2 Má chláraíonn tú cuntas le eFlow chun íoc dolaí a éascú, rialóidh Téarmaí agus Coinníollacha Chuntais eFlow (Custaiméir Cláraithe) oscailt agus oibriú an chuntais sin.

1.3 Tá faisnéis maidir le próiseáil do shonraí pearsanta nuair a úsáideann tú Bóthar Dola an M50 (agus Córas Dola Gan Bhacainní an M50) ar fáil ar leithligh ag Fógra um Chosaint Sonraí eFlow.

## 2. Eolas Fúinn

2.1 Is é Bonneagar Iompair Éireann (**"BIÉ"**) ainm oibríochta an Údaráis um Bóithre Náisiúnta **("ÚBN")** tar éis dhíscaoileadh na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid agus aistriú a fheidhmeanna chuig an ÚBN de réir Acht na mBóithre 2015. Is é príomhsheoladh TII Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, D08, DK10.

2.2 Tá Turas Mobility Services Ireland Limited (**"Turas"**) ceaptha ag BIÉ chun seirbhísí a sholáthar i ndáil le hoibriú Chóras Dolaí Gan Bhacainní an M50 agus eFlow, lena n-áirítear oibriú shuíomh gréasáin eFlow (www.eflow.ie).

2.3 Tagraíonn tagairtí do “muid”, “linn” nó “ár” sna Coinníollacha Úsáide seo do BIÉ, nó do Turas atá ag oibriú thar ceann BIÉ.

## 3. Úsáid an tSuímh Ghréasáin

3.1 Ceadaítear an Suíomh Gréasáin a úsáid chun críocha brabhsáil agus leas a bhaint as seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an Suíomh Gréasáin (lena n-áirítear Dola a íoc nó Cuntas eFlow cláraithe a oibriú/a bhainistiú). Tá aon úsáid eile den ábhar agus den bhogearra ar an Suíomh Gréasáin, lena n-áirítear atáirgeadh, modhnú, dáileadh, tarchur, athfhoilsiú nó taispeáint an ábhair ar an Suíomh Gréasáin gan ár gcead sainráite, toirmiscthe go docht.

3.2 Ní fhéadfar an Suíomh Gréasáin ná aon chuid de a atáirgeadh, a dhúbailt, a chóipeáil, a dhíol, a athdhíol ná a shaothrú ar aon bhealach eile chun aon chríche tráchtála nach bhfuil ceadaithe go sainráite againn.

3.3 Ní mór duit gan mí-úsáid a bhaint as an Suíomh Gréasáin trí víris, traígh, péisteanna, buamaí loighce nó ábhar eile atá mailíseach nó díobhálach a thabhairt isteach go feasach nó go meargánta. Ní mór duit gan iarracht a dhéanamh rochtain neamhúdaraithe a fháil ar an Suíomh Gréasáin, ar an bhfreastalaí ar a bhfuil an Suíomh Gréasáin stóráilte ná ar aon fhreastalaí, ríomhaire ná bunachar sonraí atá ceangailte leis an Suíomh Gréasáin. Ní mór duit gan ionsaí a dhéanamh ar an Suíomh Gréasáin trí ionsaí diúltaithe seirbhíse ná ionsaí diúltaithe seirbhíse dáilte.

3.4 Forchoimeádaimid an ceart rochtain ar an Láithreán Gréasáin agus/nó na seirbhísí atá ann a dhiúltú de réir ár rogha féin, lena n-áirítear, gan teorainn, má chreidimid go sáraíonn iompar áirithe an dlí is infheidhme, go bhfuil sé díobhálach dár leasanna nó go bhfuil sé ag sárú na gCoinníollacha Úsáide seo.

## 4. Maoin intleachtúil (lena n-áirítear cóipcheart)

4.1 Is lenár maoin féin nó le maoin ár gceadúnóirí an t-ábhar go léir atá ar an Suíomh Gréasáin, amhail téacs, grafaicí, lógónna, deilbhíní cnaipe, íomhánna, gearrthóga fuaime agus bogearraí, agus tá sé cosanta ag dlíthe cóipchirt agus/nó dlíthe maoine intleachtúla eile is infheidhme.

4.2 Féadfaidh tú cóip neamhbhuan den Suíomh Gréasáin nó sleachta nó codanna díobh atá stóráilte go leictreonach a dhéanamh chun críocha iad a fheiceáil ar líne amháin, ach ar shlí eile, mura bhfuil údarú sainráite againn chuige sin, ní fhéadfaidh tú an Suíomh Gréasáin, a ábhar nó a bhogearraí bunúsacha a athrú, a chóipeáil, a stóráil, a fhoilsiú, a ligean ar cíos, a cheadúnú, a dhíol ná a dháileadh ar aon bhealach ná saothair dhíorthacha a chruthú de.

## 5. Teorainn/Eisiamh Dliteanais agus Séanadh

5.1 Aithníonn tú agus aontaíonn tú leis seo go bhfuil an Suíomh Gréasáin ar fáil lena úsáid 'mar atá' agus 'mar atá ar fáil', gan aon bharántais de chineál ar bith agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, nach dtugaimid aon bharántas maidir le cruinneas, infhaighteacht, iontaofacht, slándáil, oiriúnacht chun críche nó feidhmíocht an tSuímh Ghréasáin nó a inneachar, agus nach mbeidh aon fhreagracht orainn astu.

5.2 Aithníonn tú agus aontaíonn tú go bhféadfaimid rochtain ar an Suíomh Gréasáin a chur ar fionraí go sealadach ar aon chúis gan fógra, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh i gcás ina bhfuil cliseadh, earráid, locht nó mífheidhmiú in aon chuid den Suíomh Gréasáin. Forchoimeádaimid an ceart athruithe a dhéanamh ar an Suíomh Gréasáin gan fógra.

5.3 Ach amháin mar a leagtar amach go sainráite sna Coinníollacha Úsáide seo, eisiatar leis seo gach ionadaíocht, barántas, téarma agus coinníoll, bíodh siad sainráite nó intuigthe, i ndáil leis an Suíomh Gréasáin nó leis an bhfaisnéis atá ann, a mhéid is féidir a cheadaítear faoin dlí.

5.4 Ós rud é nach féidir linn a ráthú go mbeidh an Suíomh Gréasáin saor ó locht nó go mbeidh an fhaisnéis atá ar an Suíomh Gréasáin ceart, aontaíonn tú nach mbeimid faoi dhliteanas as aon chaillteanas nó damáiste ar bith a eascraíonn as an Suíomh Gréasáin nó as a bhfuil ann nó i ndáil leis, bíodh sé faoi theoiricí conartha, tort (lena n-áirítear faillí), dliteanas dian nó eile.

## 6. Comhlíonadh na nDlíthe Infheidhme

6.1 Mar gheall ar nádúr domhanda an Idirlín, aontaíonn tú cloí le gach dlí áitiúil maidir le hiompar ar líne.

## 7. Seirbhísí

7.1 Féadfaimid, de réir ár rogha féin, seirbhísí a sholáthar duit, lena n-áirítear cuntas agus seirbhísí nuachta agus faisnéise. Aontaíonn tú cloí leis na téarmaí agus coinníollacha ar a gcuirfear aon seirbhísí den sórt sin ar fáil duit mar atá leagtha amach sna téarmaí úsáide seo agus in áiteanna eile ar an suíomh Gréasáin, lena n-áirítear mar shampla Téarmaí agus Coinníollacha Chuntais eFlow (Custaiméir Cláraithe).

## 8. Naisc chuig suíomhanna gréasáin eile

8.1 Féadfaidh naisc chuig suíomhanna gréasáin atá á n-oibriú ag tríú páirtithe a bheith ar an Suíomh Gréasáin. Cuirtear na naisc sin ar fáil chun do chaoithiúlachta amháin. Níl aon

smacht againn ar na suíomhanna gréasáin seo, agus nílimid freagrach as a n-infhaighteacht ná as a n-ábhar. Ní hionann naisc chuig suíomhanna gréasáin eile den sórt sin a bheith á gcur san áireamh ar an Suíomh Gréasáin agus aon fhormhuiniú ar an ábhar ar na suíomhanna gréasáin sin ná aon bhaint a bheith agat lena n-oibreoirí.

## 9. Naisc chuig an Suíomh Gréasáin seo

9.1 Féadfaidh tú nasc a chruthú chuig leathanach baile an tSuímh Ghréasáin, ar choinníoll go ndéanann tú amhlaidh ar bhealach atá cothrom agus dleathach agus nach ndéanann damáiste dár gcáil ná nach mbainfidh tú leas as. Ní mór duit gan nasc a bhunú ar bhealach a thugann le fios aon chineál nasc, formheasa ná formhuinithe uainn mura bhfuil aon cheann ann. Ní mór duit gan nasc a bhunú chuig an Suíomh Gréasáin in aon suíomh gréasáin nach leatsa é. Ní mór gan an Suíomh Gréasáin a chur i bhfráma ar aon suíomh eile, agus ní féidir leat nasc a chruthú chuig aon chuid den Suíomh Gréasáin seachas an leathanach baile. Forchoimeádaimid an ceart cead nasctha a tharraingt siar gan fógra.

9.2 Más mian leat aon úsáid a bhaint as ábhar ar an Suíomh Gréasáin seachas an méid atá leagtha amach thuas, déan teagmháil le dataprotection@eflow.ie

## 10. Clárú agus Slándáil

10.1 Chun codanna áirithe den Suíomh Gréasáin a úsáid, ní mór duit clárú linn. Mar shampla, nuair a dhéanann tú iarratas ar Chuntas eFlow agus nuair a chláraíonn tú é. Tá na sonraí a sholáthraíonn tú le linn clárúcháin tábhachtach agus ní mór dóibh a bheith fíor agus cruinn. Má bhíonn aon athruithe ar na sonraí seo, déan iad a thaifeadadh trí logáil isteach i do chuntas ar líne agus d'fhaisnéis a chur in eagar.

10.2 Má roghnaíonn tú pasfhocal nó aon phíosa eile faisnéise mar chuid dár nósanna imeachta slándála, nó má sholáthraítear pasfhocal duit, ní mór duit an fhaisnéis sin a láimhseáil mar fhaisnéis rúnda agus ní mór duit gan í a nochtadh d'aon tríú páirtí. Aontaíonn tú fógra a thabhairt dúinn láithreach má chailltear nó má mhí-úsáidtear do phasfhocal. Faoi réir seiceálacha slándála iomchuí, eiseofar pasfhocal nua duit.

## 11. Iarmhairtí

11.1 Má thuigimid gur sháraigh tú aon cheann de na téarmaí agus coinníollacha atá sna Coinníollacha Úsáide seo, féadfaimid gníomh ceartaitheach a dhéanamh láithreach, lena n-áirítear cosc a chur ort rochtain a fháil ar na seirbhísí a chuireann eFlow ar fáil agus/nó iad a úsáid agus aon fhaisnéis, sonraí agus ábhar atá ar an Suíomh Gréasáin agat a bhaint, tráth

ar bith agus gan fógra. Má tá do shárú tar éis gortú a dhéanamh dúinn, féadfaimid, de réir ár rogha féin, damáistí nó cineálacha eile cúitimh airgid a aisghabháil uait.

## 12. Éagsúlachtaí

12.1 Féadfaidh muid na Coinníollacha Úsáide seo agus aon doiciméid dá dtagraítear anseo a leasú ó am go ham. Sonrófar ar an Suíomh Gréasáin an dáta is déanaí ar a leasaíodh na téarmaí úsáide.

## 13. An Dlí Rialaithe

13.1 Rialófar na Coinníollacha Úsáide seo de réir dhlíthe na hÉireann agus léireofar iad dá réir agus leis seo géilleann tú do dhlínse eisiach Chúirteanna na hÉireann.

## 14. Déan Teagmháil Linn

14.1 Chun teagmháil a dhéanamh linn, seol ríomhphost chuig dataprotection@eflow.ie.